Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7547/26**
**ADD 1**

**COPEN 101**
**COTER 40**
**CT 38**
**ENFOPOL 106**
**JAI 380**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 137 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 137 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 137 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.3.2026
COM(2026) 137 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc**

**IARSCRÍBHINN**

**Téacs críochnaitheach an Phrótacail**

COUNCIL OF EUROPE

CONSEIL DE L'EUROPE

**Prótacal lena leasaítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht**

**Leagan Sealadach**

**Brollach**

Ballstáit Chomhairle na hEorpa agus na Páirtithe eile i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc (CETS Uimh. 196, dá ngairtear 'an Coinbhinsiún' anseo feasta), sínitheoirí an Phrótacail seo,

Ós rud é gurb é is aidhm do Chomhairle na hEorpa aontacht níos mó a bhaint amach i measc a cuid comhaltaí;

Ag meabhrú dóibh gur gá comhrac gach cineáil sceimhlitheoireachta a neartú, san Eoraip agus ar fud an domhain, agus ag aithint dóibh a thábhachtaí atá sé comhar a threisiú i réimse chomhrac na sceimhlitheoireachta leis na Páirtithe eile sa Choinbhinsiún;

Ag aithint dóibh nach bhfuil údar le cionta sceimhlitheoireachta ná na cionta a leagtar amach sa Choinbhinsiún agus sa Phrótacal seo in imthosca ar bith, gan beann ar dhéantóirí na coire, le cúinsí de chineál polaitiúil, fealsúnach, idé-eolaíoch, ciníoch, eitneach, reiligiúnach nó de chineál comhchosúil eile;

Ag athdhearbhú dóibh go mbeidh na bearta uile a rinneadh chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc nó a chur faoi chois sa Phrótacal seo i gcomhréir le cearta daonna agus saoirsí bunúsacha ábhartha, go háirithe na cearta agus na saoirsí sin a chumhdaítear sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ETS Uimh. 5), mar aon le hoibleagáidí eile faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

Ós rud é go bhfuil dúshláin nua tagtha chun cinn i gcomhrac na sceimhlitheoireachta ó glacadh an Coinbhinsiún agus a Phrótacal Breise (CETS Uimh. 217), go háirithe ós rud é go bhfuil a *modus operandi* athraithe ag go leor sceimhlitheoirí trí ghníomhartha coiriúla a dhéanamh agus aidhm sceimhlitheoireachta leo thar na gníomhartha sin a chuimsítear sna conarthaí maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta atá san aguisín a ghabhann leis an gCoinbhinsiún;

I bhfianaise an ghá sainmhíniú dlíthiúil níos leithne agus níos oiriúnaí ar chionta sceimhlitheoireachta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhaimseartha maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta agus ar dhúshláin maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta a bheidh ann amach anseo,

Tar éis an méid seo a leanas a chomhaontú:

**Airteagal 1 – Sainmhínithe**

Cuirfear an méid seo a leanas in ionad an téacs in Airteagal 1 den Choinbhinsiún:

‘1. Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, ciallaíonn ‘cion sceimhlitheoireachta’:

– aon cheann de na cionta laistigh de raon feidhme cinn de na conarthaí a liostaítear san fhoscríbhinn agus mar a shainmhínítear i gceann de na conarthaí sin é; nó

– aon cheann de na gníomhartha seo a leanas, ar gníomhartha iad a shainmhínítear mar chionta faoin dlí náisiúnta agus a d’fhéadfadh, i bhfianaise a gcineáil nó a gcomhthéacs, damáiste tromchúiseach a dhéanamh do thír nó d’eagraíocht idirnáisiúnta, nuair a dhéantar d’aon ghnó iad agus ceann de na haidhmeanna a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo leo:

a. ionsaithe ar shaol duine a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le bás;

b. ionsaithe ar iomláine choirp duine;

c. fuadach;

d. scrios mór a dhéanamh ar shaoráid rialtais nó ar shaoráid phoiblí, ar chóras iompair, ar shaoráid bhonneagair, áit phoiblí nó maoin phríobháideach ar dócha go gcuirfí saol an duine i mbaol dá bharr nó go mbeadh caillteanas mór eacnamaíoch mar thoradh air;

e. modhanna iompair phoiblí nó iompair earraí a urghabháil, cé is moite d’aerárthaí agus longa;

f. airm, lena n-áirítear airm cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha nó núicléacha, a mhonarú, a shealbhú, a fháil, a iompar, a sholáthar nó a úsáid, mar aon le taighde agus forbairt ar airm cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha nó núicléacha;

g. substaintí contúirteacha a scaoileadh, nó dóiteáin nó tuilte a chur faoi deara arb é is éifeacht leo beatha duine a chur i mbaol;

h. cur isteach ar an soláthar uisce, ar an soláthar cumhachta nó ar sholáthar aon acmhainne nádúrtha bunúsaí eile arb é is éifeacht leis beatha duine a chur i mbaol;

i. córas nó cur isteach ar shonraí a dhéanann damáiste forleathan do chóras faisnéise nó ríomhaireachta;

j. bagairt a dhéanamh aon cheann de na gníomhartha a liostaítear i bpointe a. go pointe i. a dhéanamh.

2. Is iad seo a leanas na haidhmeanna dá dtagraítear i mír 1 den airteagal seo:

a. daonra a imeaglú go tromchúiseach;

b. iallach míchuí a chur ar rialtas nó ar eagraíocht idirnáisiúnta aon ghníomh a dhéanamh nó staonadh óna dhéanamh;

c. bunstruchtúir pholaitiúla, bhunreachtúla, eacnamaíocha nó shóisialta tíre nó eagraíochta idirnáisiúnta a dhíchobhsú go tromchúiseach nó a dhíothú.'

**Airteagal 2 – Síniú agus daingniú**

Beidh an Prótacal seo ar oscailt lena shíniú ag na Páirtithe sa Coinbhinsiún. Beidh sé faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhormheasta. Déanfar ionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasa a thaisceadh le hArdrúnaí Chomhairle na hEorpa.

**Airteagal 3 – Teacht i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis tréimhse 3 mhí a dhul in éag i ndiaidh an dáta a léirigh gach Páirtí sa Choinbhinsiún a dtoiliú a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal, i gcomhréir le forálacha Airteagal 2 den Phrótacal seo.

2. I gcás nach dtiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm i gcomhréir le mír 1 den airteagal seo, tar éis tréimhse 3 bliana a dhul in éag i ndiaidh an dáta a osclaíodh é lena shíniú, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm i leith na Stát sin a bhfuil a dtoiliú a bheith faoi cheangal aige i gcomhréir le mír 1 curtha in iúl acu, ar choinníoll go ndearna dhá thrian de na Páirtithe sa Choinbhinsiún ar a laghad an Prótacal leasaitheach a dhaingniú. Amhail idir na Páirtithe sa Phrótacal, beidh éifeacht láithreach ag forálacha uile an Choinbhinsiúin leasaithe ar theacht i bhfeidhm dóibh.

3. Go dtí go dtiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm agus gan dochar do na forálacha maidir le teacht i bhfeidhm agus aontachas Stát nach Ballstáit iad, féadfaidh Páirtí sa Choinbhinsiún, tráth sínithe an Phrótacail seo nó tráth ar bith níos déanaí, a dhearbhú go gcuirfidh sé forálacha an Phrótacail seo i bhfeidhm ar bhonn sealadach. Sna cásanna sin, ní bheidh feidhm ag forálacha an Phrótacail ach amháin maidir leis na Páirtithe eile sa Choinbhinsiún a rinne dearbhú a bhfuil an éifeacht chéanna leis. Gabhfaidh éifeacht le dearbhú den sórt sin ar an gcéad lá den tríú mí tar éis an dáta a gheobhaidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa é.

**Airteagal 4 – Dearbhuithe a bhaineann leis an gCoinbhinsiún**

Ó dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo, maidir leis na Páirtithe a bhfuil dearbhú amháin nó níos mó curtha isteach acu de bhun Airteagal 1 den Choinbhinsiún, rachaidh na dearbhuithe sin in éag.

**Airteagal 5 – Forchoimeádais**

Ní fhéadfar aon fhorchoimeádas a dhéanamh maidir le forálacha an Phrótacail seo.

**Airteagal 6 – Fógraí**

Tabharfaidh Ardrúnaí Chomhairle na hEorpa fógra do Bhallstáit Chomhairle na hEorpa agus d'aon Pháirtí eile sa Choinbhinsiún faoi na nithe seo a leanas:

a. aon síniú;

b. taisceadh aon ionstraime daingniúcháin, glactha nó formheasa;

c. dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo i gcomhréir le hAirteagal 3;

d. aon ghníomh, fógra nó teachtaireacht eile a bhaineann leis an bPrótacal seo.

Dá fhianú sin, chuir na daoine a bhfuil a síniú leis seo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, a lámh leis an bPrótacal seo.

Arna dhéanamh […….], an […] lá de [… …..], i mBéarla agus i bhFraincis, agus an dá théacs chomh barántúil le chéile, in aon chóip amháin a thaiscfear i gcartlann Chomhairle na hEorpa. Tarchuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa cóipeanna deimhnithe chuig gach comhalta de Chomhairle na hEorpa, chuig na Páirtithe eile sa Choinbhinsiún agus chuig aon Stát a n-iarrtar air aontú leis an gCoinbhinsiún.